



CHERISH

*Newid Hinsawdd a Threftadaeth yr Arfordir
Climate Change and Coastal Heritage
Athrú Aeráide agus Oidhreacht Chultúrtha*

Nuachtlitir

CHERISH

News



CONTENTS / CLÁR NA N-ÁBHAR

WELCOME / FÁILTE	3
ABOUT CHERISH / FAOI CHERISH	4
HIGHLIGHTS JANUARY-OCTOBER 2017 / BUAICPHOINTÍ IDIR EANÁIR AGUS DEIREADH FÓMHAIR 2017	6
LAUNCHING CHERISH / CHERISH Á SHEOLADH	7
DATA GATHERING FROM THE AIR, ON SEA AND LAND / BAILIÚ SONRAÍ ÓN AER, AR FARRAIGE AGUS AR TALAMH	8
FACING THE STORMS / AGHAIDH A THABHAIRT AR NA STOIRMEACHA	12
ENGAGEMENT / RANNPHÁIRTEACHAS	13
TRAINING / OILIÚINT	16
DATES FOR YOUR DIARY / DÁTAÍ LE CUR I DO DHIALANN	17
COMPETITION TIME! / AM COMÓRTAIS!	18
MEET THE CHERISH TEAM / BUAIL LE FOIREANN CHERISH	19

WELCOME

to the first CHERISH news!

Our plan is to provide a regular newsletter on the progress of our exciting European-funded project looking at climate change and coastal heritage. For day-to-day news and features don't forget to look at our website, Facebook and Twitter pages, details of which can be found below.

CHERISH began in January 2017 and we have had a very busy start-up phase. Now the CHERISH team is in place and already hard at work on land and sea. You'll see some of the highlights below.

FÁILTE

chuig an gcéad nuachtlitir de chuid CHERISH!

Tá sé mar aidhm againn nuachtlitir rialta a chur ar fáil ar dhul chun cinn ár dtioscadail spreagúil maidir le hathrú aeráide agus le hoidhreacht chósta atá á mhaoiniú ag an AE. Ná déan dearmad breathnú ar ár suíomh gréasáin, agus ár leathanaigh Facebook agus Twitter chun nuacht laethúil a fháil agus is féidir sonraí fúthu sin a fháil thíos.

Cuireadh tús le CHERISH in Eanáir 2017 agus bhí mí ghnóthach againn inár gcéim thionscnaimh. Tá foireann CHERISH i bhfeidhm anois agus í ag obair go dian ar talamh agus ar farraige cheana féin. Feicfidh tú cuid de na buaicphointí thíos.



www.cherishproject.eu



[CHERISH Project](#)



[@CHERISHproj](#)

ABOUT CHERISH / FAOI CHERISH


CHERISH is a five-year Ireland-Wales project, bringing together four partners across the two nations, and will run until December 2021. It will receive €4.1 million of EU funds through the Ireland Wales Co-operation Programme 2014-2020.

CHERISH is a truly cross-disciplinary project aimed at raising awareness and understanding of the past, present and near future impacts of climate change, storminess and extreme weather events on the rich cultural heritage of our sea and coast. We will be linking land and sea, and employing a variety of techniques and methods to study some of the most iconic coastal locations in Ireland and Wales. These range from terrestrial and aerial laser scanning, geophysical survey and seabed mapping through to palaeoenvironmental sampling, excavation and shipwreck monitoring.

Is tionscadal cúig bliana idir Éire agus an Bhreatain Bheag é CHERISH a thugann ceithre chomhpháirtí ar fud an dá náisiún le chéile agus beidh sé ar siúl go dtí mí na Nollag 2021. Gheobhaidh sé €4.1 milliún de chistí an AE trí Chlár na hÉireann/na Breataine Bige um Chomhoibriú 2014-2020.


Is tionscadal trasdisciplíneach é CHERISH atá dírithe ar fheasacht agus ar thuiscint a ardú ar thionchair an athraithe aeráide, stoirmeacha agus teagmhas adhaimsire ar oidhreacht luachmhar cultúir ár bhfarraige agus ár gcósta roimhe seo, san am i láthair agus amach anseo. Beidh talamh agus farraige á nascadh againn agus teicnící agus modhanna éagsúla á gcur i bhfeidhm againn chun staidéar a dhéanamh ar chuid de na suíomhanna is aitheanta ar an gcósta in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag. Cuimsíonn siad scanadh léasair talún agus aeir, suirbhéireacht gheoifisiceach agus mapáil ghrinneall na farraige, chomh maith le sampláil phailéachomhshaoil, tochailt agus monatóireacht longa báite.





Ár gCur Chuige
Our Tool-kit Approach

An integrated approach to survey on land and under the sea. This graphic best describes the multidisciplinary approach to coastal and maritime recording that CHERISH will employ in Wales and Ireland. / Cur chuige comhtháite i leith suirbhéireachta ar thalamh agus faoin bhfarraige. Is fearr a dhéanann an ghrafaic seo cur síos ar an gcur chuige ildisciplíneach i leith taifeadadh cósta agus muirí a chuirfidh CHERISH i bhfeidhm sa Bhreatain Bheag agus in Éirinn.



The main study areas where CHERISH will be working over the next five years. / Na príomhlíistéir staidéir ina mbeidh CHERISH ag obair sna cúig bliana atá amach romhainn.

An aerial photograph of a coastline. The top half of the image shows deep blue-green water. A white horizontal line is positioned below the English text. The bottom half shows a dark, rocky beach curving along the shore, with a green golf course visible in the lower right corner. The text is overlaid on the water and beach areas.

HIGHLIGHTS JANUARY-
OCTOBER 2017

BUAICPHOINTÍ IDIR EANÁIR
AGUS DEIREADH FÓMHAIR 2017

LAUNCHING CHERISH / CHERISH Á SHEOLADH

CHERISH was officially launched on 23 March 2017 at Aberystwyth University and the Irish Lights in Dún Laoghaire. Over 100 people attended the events with opening addresses from Irish Minister of State Sean Kyne and the then acting Vice Chancellor of Aberystwyth University, Professor John Grattan.

The project has had lots of press and media interest, including a piece on national BBC Cymru-Wales news in May.

Seoladh CHERISH go hoifigiúil ar an 23 Márta 2017 ag Ollscoil Aberystwyth agus ag Soilse na hÉireann i nDún Laoghaire. D'fhreastail níos mó ná 100 duine ar na himeachtaí le hóráidí tosaigh ón Aire Stáit Seán Kyne agus ó Leas-Seansailéir Ollscoil Aberystwyth ag an am, an tOllamh John Grattan.

Chuir na nuachtáin agus na meáin an-spéis sa tionscadal agus bhí píosa ar nuacht náisiúnta BBC Cymru-Wales faoi i mBealtaine.



*The CHERISH launch at Aberystwyth University. /
Seoladh CHERISH ag Ollscoil Aberystwyth.*



The CHERISH team from Aberystwyth University, Hywel Griffiths and Sarah Davies (right), being interviewed by Kate Morgan for BBC Cymru-Wales news. / Foireann CHERISH ó Ollscoil Aberystwyth, Hywel Griffiths agus Sarah Davies (ar dheis), agus agallamh á cur ag Kate Morgan orthu do nuacht BBC Cymru-Wales.

DATA GATHERING FROM THE AIR, ON SEA AND LAND / BAILIÚ SONRAÍ ÓN AER, AR FARRAIGE AGUS AR TALAMH

The CHERISH survey team has been out and about selecting sites and study areas for survey and investigation over the next five years.

We've started to gather essential baseline data at a number of locations, documenting the current state of known monuments but also discovering new ones. Going forward, these will be subject to regular monitoring and provide an absolute fix for future climate change monitoring. Data has been gathered in a variety of ways:

Bhí foireann suirbhéireachta CHERISH amuigh agus suíomhanna agus limistéir staidéir á roghnú acu le haghaidh suirbhéireachta agus iniúchta sna cúig bliana seo chugainn. Thosaíomar ag bailiú sonraí riachtanacha bonnlíne ag roinnt suíomhanna agus staid reatha séadchomharthaí iomráiteacha á doiciméadú againn agus



séadchomharthaí nua á n-aimsiú againn freisin. Amach anseo, déanfar monatóireacht rialta orthu agus cuirfidh siad suíomhchinntiú iomlán ar fáil do mhonatóireacht athraithe aeráide sa toadhchá. Bailíodh sonraí ar bhealaí éagsúla:



*Rob Shaw and Gary Devlin of the Discovery Programme at Cork Airport following a CHERISH baseline flight, September 2017.
/ Rob Shaw agus Gary Devlin ón gClár Fionnachtana ag Aerfort Chorcaí i ndiaidh eitilt bhonnlíne de chuid CHERISH, Meán Fómhair 2017*

We commissioned Bluesky International Limited to capture 25cm 'leaves off' LiDAR for six Welsh Islands at low tide, the first highly-accurate 3D geomatic data for these Welsh islands. We've begun to compile new maps of the archaeology, which includes mapping known sites and also making some exciting new discoveries that will be ground-truthed over the coming years.

Choimisiúnaíomar Bluesky International Limited chun LiDAR 'duilleoga bainte' 25cm a ghabháil le haghaidh sé oileán de chuid na Breataine Bige le lag trá, na chéad sonraí geomaitice 3D atá thar a bheith cruinn do na hoileáin seo. Chuireamar tús le léarscáileanna nua den tseandálaíocht a chur le chéile, lena n-áirítear suíomhanna iomráiteacha a mhapáil agus teacht ar fhionnachtana nua iontacha a dhéanfar ina bhfírící ón talamh sna blianta atá amach romhainn.



Ramsey Island, Pembrokeshire. 25cm LiDAR processed using the Relief Visualisation Toolbox: 16-point hillshade. / Oileán Ramsey, Pembrokeshire. LiDAR 25cm a próiseáladh ach Relief Visualisation Toolbox a úsáid: Cnocscáilthe 16-phointe.

We've completed a drone survey of Dunbeg Fort in the Dingle Peninsula, County Kerry, from which a model of the fort was produced using a photogrammetric process called 'structure for motion'. This innovative approach, which builds a highly accurate 3D model of the site, will be used on a number of coastal monuments going forward.

Rinneamar suirbhé dróin ar an Dún Beag i gcorca Dhuibhne, Contae Chiarraí óna gcruthaíodh mionsamhail den dún ach próiseas fótagraiméadrach ar a dtugtar 'struchtúr ó ghluaisne' a úsáid. Úsáidfear an cur chuige nuálach seo, a thógann mionsamhail 3D an-chruinn den suíomh, ar roinnt séadchomharthaí cósta amach anseo.



Dunbeg Fort in 3D. The site had already been damaged by coastal erosion, with a section of it collapsing into the sea in early 2014, and will now be subject to regular monitoring as part of CHERISH. / An Dún Beag i 3D. Rinne creimeadh cósta damáiste don suíomh cheana féin agus thit cuid de isteach san fharraige go luath in 2014. Déanfar monatóireacht rialta air mar chuid de CHERISH dá bharr.

We've undertaken baseline coastal monitoring flights in Wales and Ireland, capturing stunning oblique aerial images to document the current state of our coastal heritage sites in the CHERISH study areas. The same sites and monuments will be revisited from the air at various points during the lifespan of the project to document any change that might have occurred.

Thugamar faoi eitiltí bonnlíne monatóireachta ar chósta na Breataine Bige agus na hÉireann agus ghlacamar aerghrianghraif iontacha fhiara chun staid reatha ár suíomhanna oidhreachta a dhoiciméadú i limistéir staidéir CHERISH. Rachfar ar ais chuig na suíomhanna agus chuig na séadchomharthaí céanna ón aer ag pointí éagsúla i rith an tionscadail chun athrú ar bith a d'fhéadfadh teacht orthu a dhoiciméadú.



Poppit Sands Fish Trap, Pembrokeshire, one of the largest medieval fish traps on the coast of Wales recorded during a CHERISH baseline monitoring flight in June 2017. / Gaiste Éisc Poppit Sands, Pembrokeshire, ceann de na gaistí éisc is mó ar chósta na Breataine Bige a taifeadadh le linn eitilt monatóireachta bonnlíne de chuid CHERISH i Meitheamh 2017.



Lady's Island monastery and lake, County Wexford, a low-lying coastal lagoon site recorded during a CHERISH baseline monitoring flight in September 2017. / Loch Tóchair, Contae Loch Garman, murlach íseal cósta a taifeadadh le linn eitilt monatóireachta bonnlíne de chuid CHERISH i Meán Fómhair 2017.

On the sea mapping is underway in Irish waters and a CHERISH maritime subgroup has been initiated to identify key survey sites and indicator wrecks for monitoring. The group recently met in Dublin to plan 2018 surveys in Welsh waters. This included a short trip from Dun Laoghaire on the RV Lir, the newest addition to the Geological Survey of Ireland's fleet of research vessels used for marine mapping and monitoring.



On land we've been making reconnaissance visits to potential sites for palaeoenvironmental research. Our sediment coring campaign will begin in earnest in 2018, but we hope to obtain some initial samples before the end of the year from Cors Fochno, Ceredigion and sites in North Pembrokeshire. Samples have also been taken from an excavation trench across a field boundary on Skomer Island off the coast of Pembrokeshire in Wales for optically stimulated luminescence (OSL) dating.



Tá mapáil mhara ar siúl in uiscí na hÉireann agus cuireadh tús le foghrúpa muirí CHERISH chun príomhshuíomhanna suirbhéireachta agus báid bhriste tháscacha a aithint le haghaidh monatóireachta. Bhuaile grúpa le chéile i mBaile Átha Cliath le déanaí chun suirbhéanna 2018 in uiscí na Breataine Bige a phleanáil. Chuaigh an grúpa ar thuras gairid ó Dhún Laoghaire ar an RV Lir, an t-árthach is nuai i gcabhlach na n-árthach taighde de chuid Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann a úsáidtear le haghaidh mapála agus monatóireachta mara.

The Geological Survey of Ireland's inshore fleet. / Cabhlach cladaigh Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann.

Ar talamh, bhí cuairteanna taiscéalaíochta á dtabhairt againn ar shuíomhanna féideartha le haghaidh taighde pailéachomhshaoileach. Tosóidh ár bhfeachtas um chroileacú dríodar i ndáiríre in 2018, ach tá súil againn roinnt samplaí tosaigh a fháil roimh dheireadh na bliana ó Cors Fochno, Ceredigion agus ó shuíomhanna i dTuaisceart Pembrokeshire. Tógadh samplaí ó thrinne tochailte trasna teorann goirt ar Ynys Sgomer amach ó chósta Pembrokeshire sa Bhreatain Bheag do dhátú lonrachta atá spreagtha go hoptúil (OSL).

Professor Geoff Duller of Aberystwyth University taking samples for luminescence (OSL) dating on Skomer in April 2017. / An tOllamh Geoff Duller ó Ollscoil Aberystwyth ag tógáil samplaí le haghaidh dátaithe lonrachta ar Ynys Sgomer in Aibreán 2017.

FACING THE STORMS / AGHAIDH A THABHAIRT AR NA STOIRMEACHA

During October 2017 the south-west coastlines of Ireland and Wales were battered by storms Ophelia and Brian within a week of one another. CHERISH survey teams were out on the ground in the days following Storm Ophelia to assess the aftermath across study areas in County Wexford, Ireland, and Pembrokeshire, Wales. Here the benefit of our baseline monitoring from the air earlier in 2017 became apparent. Aerial photographs taken during Irish baseline surveys in late September showed the sand bar and breach at the southern end of Lady's Island Lake before the storms. Subsequent drone aerial photos taken by the Discovery Programme on 18 October recorded changes to the sand bar, and at other points along this vulnerable coast. Such long-term monitoring will continue during the five-year project.

I mí Dheireadh Fómhair 2017, bhí imeallbhoird thiar theas na hÉireann agus na Breataine Bige buailte go dona ag stoirmeacha Ophelia agus Brian laistigh de sheachtain. Bhí foirne suirbhéireachta CHERISH ar an talamh sna laethanta i ndiaidh Stoirm Ophelia chun measúnú a dhéanamh ar na limistéir staidéir i gContae Loch Garman, Éire, agus in Pembrokeshire, sa Bhreatain Bheag. Chonacthas an leas a bhaineann lenár monatóireacht bhonnlíne ón aer níos luaithe in 2017. Léirigh aerghrianghraif a tógadh le linn suirbhéanna bonnlíne Éireannacha ag deireadh mhí Mheán Fómhair an guaire agus an bhearna ar an taobh ó dheas de Loch Tóchair roimh na stoirmeacha. Thaifead aerghrianghraif a thóg an Clár Fionnachtana le dróin ar an 18 Deireadh Fómhair athruithe ar an nguair, agus ar áiteanna eile ar an gcósta leochaileach seo. Leanfaidh monatóireacht fhadtéarmach mar sin ar aghaidh i rith an tionscadail cúig bliana.



Lady's Island Lake, County Wexford. Coastal sand bar photographed during baseline aerial survey on 28 September 2017 (left) and with a drone following Storm Ophelia on 18 October 2017. Changes in the sand bar are immediately apparent. / Loch Tóchair, Contae Loch Garman. Guaire cósta ar glacadh grianghraif de le linn aershuirbhé bonnlíne ar an 28 Meán Fómhair 2017 (ar chlé) agus le drón i ndiaidh Stoirm Ophelia ar an 18 Deireadh Fómhair 2017. Is féidir na hathruithe ar an nguair a fheiceáil láithreach.

ENGAGEMENT / RANNPHÁIRTEACHAS

Stakeholder engagement and collaboration is crucial to CHERISH and we've had a busy time meeting with seventeen stakeholder organisations across the United Kingdom and Ireland. These include national and government heritage organisations such as Cadw, Historic England, Historic Environment Scotland, the National Monument Service in Ireland, National Trust and Natural Resources Wales. We've also met and established links with existing coastal archaeological projects such as SCAPE in Scotland and CITiZAN in England. We would like to thank all stakeholders for their positive contribution to the project throughout its development and mobilisation phase.

Tá rannpháirteachas agus comhoibriú le páirtithe leasmhara ríthábhachtach do CHERISH agus bhíomar an-ghnóthach ag bualadh le seacht n-eagraíocht páirtithe leasmhara ar fud na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann. Ina measc sin tá eagraíochtaí náisiúnta agus rialtais oidhreachta cosúil le Cadw, Historic England, Historic Environment Scotland (Àrainneachd Eachdraidheil Alba), Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta in Éirinn, National Trust agus National Resources Wales. Bhí teagmháil againn freisin le tionscadail reatha seandálaíochta cosúil le SCAPE in Albain agus CITiZAN i Sasana agus bhunaíomar naisc leo. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na páirtithe leasmhara ar fad as an gcúnamh dearfach a thug siad don tionscadail i rith a chéime forbartha agus slógaidh.



CHERISH staff from Ireland and Wales out and about with the SCAPE (Scottish Coastal Archaeology and the Problem of Erosion) Trust along the Fife coast in Scotland. / Foireann CHERISH as Éirinn agus as an mBreatain Bheag agus iad amuigh le SCAPE Trust (Seandálaíocht Chósta na hAlban agus Fadhb an Chreimthe) ar chósta Fhiobha in Albain.

Three British Coastal Projects meet in Orkney. Staff from CHERISH, SCAPE and CITiZAN met at the 'Our Islands, Our Past' conference organised by the University of Highlands and Islands in Kirkwall, Orkney, in September. / Buaileann trí thionscadal chósta de chuid na Breataine le chéile ar Inse Orc. Bhuail baill foirne ó CHERISH, ó SCAPE agus CITiZan le chéile ag an gcomhdháil 'Our Islands, Our Past,' a d'eagraigh Ollscoil na nGarbhchríoch agus na nOileán i mBaile na h-Eaglaise, Inse Orc, i Meán Fómhair.



We've talked about CHERISH to many hundreds of people, including presenting at a number of international conferences such as the European Archaeological Association in Maastricht, the Aerial Archaeology Research Group in Pula, 'Our Islands, Our Past' in Orkney, the Royal Geographical Society in London and the British Society for Geomorphology annual conference.

We celebrated Europe Day on 9 May and also organised a National Heritage Week event in Ireland with the public invited on board the Geological Survey of Ireland's survey vessel the RV Keary in Kilmore Quay on 20 and 27 August. Announcing the event on local and national radio, in the local newspaper and through various social media channels ensured we had a good turnout on both days with some four hundred people coming on board.

Labhraíomar faoi CHERISH leis na céadta duine agus rinneamar cuir i láthair ag roinnt comhdhálacha idirnáisiúnta, Cumann Seandálaíochta na hEorpa in Maastricht, an Grúpa um Thaighde Seandálaíochta Aeir in Pula, 'Our Islands, Our Past' in Inse Orc, an Cumann Geografach Ríoga i Londain, agus comhdháil bhliantúil Chumann Geomoirfeolaíocht na Breataine ina measc.

Cheilúramar Lá na hEorpa ar an 9 Bealtaine agus d'éagraíomar imeacht don tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta in Éirinn nuair a tugadh cuireadh don phobal dul ar bord an árthaigh shuirbhéireachta de chuid Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, an RV Keary, i gCé na Cille Móire ar an 20 agus ar an 27 Lúnasa. Cinntíodh go raibh slua maith ann ar an dá lá le ceithre chéad duine ag teacht ar bord mar gur fógraíodh an t-imeacht ar raidió áitiúil agus náisiúnta, sa nuachtán áitiúil agus trí bhealaí éagsúla sna meáin shóisialta.



Introducing CHERISH at the Aerial Archaeology Research Group (AARG) annual conference in Pula, Croatia. / CHERISH á chur i láthair ag comhdháil bhliantúil an Ghrúpa um Thaighde Seandálaíochta Aeir (AARG) in Pula, an Chróit.



Heritage Day on board the RV Keary in Kilmore Quay. The CHERISH team met with members of the public and discussed the impact of climate change on cultural heritage, the process of seabed mapping and our plans for research in the Wexford area. Many useful connections with diving groups, local archaeologists and local authorities were made. / Cheilúramar Lá na hEorpa ar an 9 Bealtaine agus d'eagraíomar imeacht don tSeachtain Oidhreacht Náisiúnta in Éirinn nuair a tugadh cuireadh don phobal dul ar bord an árthaigh shuirbhéireachta de chuid Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, an RV Keary, i gCé na Cille Móire ar an 20 agus ar an 27 Lúnasa. Cinntíodh go raibh slua maith ann ar an dá lá le ceithre chéad duine ag teacht ar bord mar gur fógraíodh an t-imeacht ar raidió áitiúil agus náisiúnta, sa nuachtán áitiúil agus trí bhealaí éagsúla sna meáin shóisialta.



TRAINING / OILIÚINT



CHERISH will require us to gather data using the latest technologies as well as work in some remote environments. We've therefore been undertaking training to make sure that we do this safely and responsibly. This has included personal survival techniques at sea, and rope access and abseiling acclimatisation, although rest assured that specialists will always be employed to work for and with us whenever this is required!

A number of the survey team have also undertaken Unmanned Aerial Vehicle (UAV) training so that we can use drones responsibly in the remote sensing and monitoring of the coastline and heritage sites.

Beidh orainn sonraí a bhailiú ach na teicneolaíochtaí is déanaí a úsáid agus oibriú i roinnt timpeallachtaí iargúlta mar chuid de CHERISH. Dá bhrí sin, tá oiliúint á fáil againn le cinntiú go ndéanfaimid é seo go sábháilte agus go freagrach. Bhí teicnící pearsanta chun teacht slán ar farraige, agus rochtain rópa agus cuibhiú rópadóireachta anuas i gceist leis an oiliúint sin, ach ná bíodh aon amhras ort, fostófar speisialtóirí chun obair dúinn agus linn i gcónaí nuair a bhíonn sé seo ag teastáil!

Rinne roinnt ball den fhoireann suirbhéireachta oiliúint Aerfheithiclí gan Foireann (UAV) ionas gur féidir linn dróin a úsáid go freagrach i gcianbhraiteacht agus i monatóireacht an imeallbhoird agus na suíomhanna oidhreachta.



DATES FOR YOUR DIARY

Our diary is filling up with events over the coming months, where you'll be able to meet with members of the CHERISH team and find out more about our exciting project. You'll find us at:

- Digital Past Conference: New Technologies in Heritage, Interpretation and Outreach. Aberystwyth, 7-8 February 2018.
- Saundersfoot and District Historical Society. Pembrokeshire, 21 February 2018.
- Ceredigion Archaeology Day. Aberystwyth, 3 March 2018.
- Carto-Cymru. Aberystwyth, 18 May 2018.

Please keep an eye on our social media channels and website for the latest dates.

DÁTAÍ LE CUR I DO DHIALANN

Tá ár ndialann ag líonadh le himeachtaí sna míonna atá amach romhainn ina mbeidh tú in ann bualadh le baill foirne CHERISH agus tuilleadh eolais a fháil ar ár dtionscadal spreagúil. Beidh tú in ann bualadh linn ag:

- Comhdháil na Staire Digití: Teicneolaíochtaí Nua in Oidhreacht, i Léirmhíniú agus i bhFor-rochtain. Aberystwyth, 7-8 Feabhra 2018.
- Saundersfoot and District Historical Society. Pembrokeshire, 21 Feabhra 2018.
- Lá Seandálaíochta Ceredigion. Aberystwyth, 3 Márta 2018.
- Carto-Cymru. Aberystwyth, 18 Bealtaine 2018.

Coinnigh súil ar ár suíomh gréasáin agus ar ár leathanaigh mheáin shóisialta leis na dátaí is déanaí a fháil amach

COMPETITION TIME! / AM COMÓRTAIS!

Meet the newest member of the CHERISH team who will be joining us on our work over the next few years. The Puffin needs a name, and we need your suggestions! The winner will receive a cuddly puffin along with a CHERISH hat and goody bag. Send your suggestions to

cherish@rcahmw.gov.uk by 31 January 2018

Is é seo an ball is nuaí d'fhoireann CHERISH a bheidh ag obair linn sna blianta beaga atá amach romhainn. Teastaíonn ainm ón bPuifín, agus teastaíonn do chuid moltaí uainn! Gheobhaidh an buaiteoir béirín bog puifín agus hata agus mála féiríní CHERISH. Seol do chuid moltaí chuig

cherish@rcahmw.gov.uk roimh an 31 Eanáir 2018.

MEET THE CHERISH TEAM / BUAIL LE FOIREANN CHERISH

CHERISH comprises a cross-disciplinary team from Ireland and Wales bringing together specialists from a variety of fields including climate change, hydrography, geology, archaeology, remote sensing, geomorphology and scientific dating.

Royal Commission on the Ancient and Historical Monuments of Wales

The CHERISH lead partner and the investigation body and national archive for the historic environment of Wales.

Foireann trasdisciplíneach as Éirinn agus as an mBreatain Bheag atá i CHERISH, a thugann speisialtóirí le chéile ó réimsí éagsúla, athrú aeráide, hidreagrafaíocht, geolaíocht, seandálaíocht, cianbhraiteacht, geomoirfeolaíocht agus datú eolaíoch san áireamh.

An Coimisiún Ríoga ar Shéadchomharthaí Ársa agus Stairiúla na Breataine Bige


Príomhchomhpháirtí CHERISH agus an comhlacht imscrúdaithe agus an Chartlann Náisiúnta do thimpeallacht stairiúil na Breataine Bige.



The Royal Commission CHERISH team. Clockwise from top left Dr Toby Driver (Royal Commission Senior Investigator, Aerial Survey), Daniel Hunt (CHERISH Investigator), Clare Burgess (CHERISH Project Manager) and Louise Barker (Royal Commission Senior Investigator, Archaeology). / Foireann CHERISH an Choimisiún Ríoga. Deiseal ón mbarr ar chlé: Dr Toby Driver (Imscrúdaitheoir Sínearach an Choimisiún Ríoga, Aershuirbhéireacht), Daniel Hunt (Imscrúdaitheoir CHERISH), Clare Burgess (Bainisteoir Tionscadail CHERISH) agus Louise Barker (Imscrúdaitheoir Sínearach an Choimisiún Ríoga, Seandálaíocht).

**Department of Geography and Earth Sciences
(DGES), Aberystwyth University**

DGES is one of the oldest and largest departments of Geography and Earth Sciences in the UK, with internationally recognised expertise in environmental change research and geochronology.




The Aberystwyth University CHERISH survey team, from left to right: Helen Roberts, Geoff Duller, Cerys Jones, Hollie Wynne, Sarah Davies and Henry Lamb. Not pictured: Patrick Robson, Hywel Griffiths. / Foireann suirbhéireachta CHERISH ó Ollscoil Aberystwyth, ó chlé go deis: Helen Roberts, Geoff Duller, Cerys Jones, Hollie Wynne, Sarah Davies agus Henry Lamb. Nach bhfuil sa phictiúr: Patrick Robson, Hywel Griffiths.

Geological Survey of Ireland

The National Earth Science Agency, responsible for the acquisition and provision of geological data, advice and information.

**Roinn na Tíreolaíochta agus na nDomhaneolaíochtaí
(DGES), Ollscoil Aberystwyth**

Tá DGES ar cheann de na ranna tíreolaíochta agus domhaneolaíochtaí is sine agus is mó sa Ríocht Aontaithe, agus saineolas, atá aitheanta go hidirnáisiúnta, i dtaighde an athraithe timpeallachta agus i ngeocroineolaíocht aici.



The Geological Survey of Ireland CHERISH Team, from left to right: Sean Cullen (Principal Geologist), James Barry (Marine Geoscientist) and Cathal Jordan (GIS Consultant). / Foireann CHERISH Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann, ó chlé go deis: Seán Cullen (Príomhghéolaí), James Barry (Geo-eolaí Muirí) agus Cathal Jordan (Sainchomhairleoir GIS).

Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann

An Ghníomhaireacht Náisiúnta Domhaneolaíochta, atá freagrach as sonraí, comhairle agus eolas geolaíochta a fháil agus a sholáthar.

Discovery Programme, Centre for Archaeology and Innovation Ireland

A national archaeological research body exploring Ireland's cultural heritage and a leading expert in the application of remote sensing and geospatial technology.

An Clár Fionnachtana, Ionad Seandálaíochta agus Nuála Éireann

Comhlacht náisiúnta um thaighde seandálaíochta a dhéanann iniúchadh ar oidhreacht chultúrtha na hÉireann agus atá ina phríomhshaineolaí i gcur i bhfeidhm cianbhraiteachta agus teicneolaíocht gheospásúil.



The Discovery Programme CHERISH team, from left to right: Dr Edward Pollard (Research Archaeologist), Anthony Corns (Technology Manager), Rob Shaw (Senior Geo-surveyor), Sandra Henry (Lead Research Archaeologist) and Gary Devlin (Geo-Surveyor). / Foireann suirbhéireachta an Chláir Fionnachtana, ó chlé go deis: Dr Edward Pollard (Seandálaí Taighde), Anthony Corns (Bainisteoir Teicneolaíochta), Rob Shaw (Geo-shuirbhéir Sínearach), Sandra Henry (Príomhseandálaí Taighde) agus Gary Devlin (Geo-shuirbhéir).

KEEP IN TOUCH / SEOLADH GRÉASÁIN:

www.cherishproject.eu
cherish@cbhc.gov.uk / cherish@rcahmw.gov.uk



www.cherishproject.eu



CHERISH Project



@CHERISHproj



Llandanwg, Gwynedd, May 2017 / Llandanwg, Gwynedd, Bealtaine 2017





CHERISH

*Newid Hinsawdd a Threftadaeth yr Arfordir
Climate Change and Coastal Heritage
Athrú Aeráide agus Oidhreacht Chultúrtha*

KEEP IN TOUCH / SEOLADH GRÉASÁIN:

www.cherishproject.eu

cherish@cbhc.gov.uk / cherish@rcahmw.gov.uk



www.cherishproject.eu



CHERISH Project



@CHERISHproj



Comisiwn Brenhinol
Henebion Cymru
Royal Commission on the Ancient
and Historical Monuments of Wales



Geological Survey
Suirbhéireacht Gheolaíochta
Ireland | Éireann



The Discovery
Programme
Centre for Archaeology
and Innovation Ireland

Supported by

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

